

Nualitriú

Tugtar tuairisc anseo ar na hathruithe a cuireadh ar litriú, ar phoncaíocht agus ar mhodh tagartha an bhuntéacs agus an t-eagrán seo á thiomsú. Is ionann focal sna samplaí thíos atá idir lúibíní, faoi chló iodálach, agus malairt litrithe a bhíonn air sa mbuntéacs. Cuireann (srl) ar lorg focail in iúl gur briathar é, nó fréamh briathartha má tá fleiscín roimhe, agus go gcuirtear pé athrú atáthar a thuairisc i bhfeidhm ar fhoirmeacha uile an bhriathair sin más féidir. Cuirtear fleiscín le focal a bhíonn i gcomhfhocal. Cé is moite de na hathruithe a thuairiscítear thíos, is ionann struchtúr agus foclaíocht don eagrán seo agus don eagrán sa mbunlitriú.

I. Consain

(a) Simpliú

<i>samplaí</i>		
dh	<i>buntéacs nualitriú</i>	cruadh, cruadhóg, cruaidhe, nuadha, fiadh, fiadhach, reodh, beodhchan, eadh, easbadhach, scríobhadh, go dtugaidh, bíodhg, saidhghir, suidhte, ceannuidhthe
		crua, cruóg, crua, nua, fia, fiach, reo, beochan, ea, easpach, éasca, scríobh, go dtuga, bíog, saibhir, suite, ceannaithe
	<i>buntéacs nualitriú</i>	buidheach, beithidheach, spleadhach, meadhchan, síorraidhe, ealadhain, buidhe, suadhúil, choidhchin (<i>choichin, choichín</i>), filidheacht, beithidhigh, gloineadhacháí, bonnaidheacháí, groidhe (<i>gradha</i>), coireadh, ceadh nach
		buíoch, beithíoch, filíocht, spleách, meáchan, síoraí, ealaín, buí, snúúil, choíchín, beithígh, gloiniúcháí, bonnaíocháí, groí, coiriú, cé nach
	<i>buntéacs nualitriú</i>	amhla, deire, buailfe, racha, gleáradh, feánnach, dearú
		amhlaidh, deireadh/deiridh, buailfidh, rachaidh, gleadhgradh, feadhgradh, dearadh
gh	<i>buntéacs nualitriú</i>	laogh, truagh, truaighe ¹ , saoghal, léigheamh, muinghín, imighthe, clúdaighthe
		lao, trua, trua, saol, léamh, muinín, imithe, clúdaithe
	<i>buntéacs nualitriú</i>	breagh, bleaghan, ughdar, lugha, dorugha, brigh, inghin, eirghe, corruighe, dodaghil, feadhghala (<i>feadhghaile</i>), teigheann, ceaduigheann, righeacht, fóghnamh
		breá, bleán, údar, lú, dorú, brí, inín, éirí, corraí, dodaíl, feadaíola, téann, ceadaíonn, ríocht, fónamh
	<i>buntéacs nualitriú</i>	fólaime, fánn, faite (<i>fáite</i>), deacha, eanga, 'ar ndú (<i>'ar nú</i>), dúrainneach (<i>dórainneach</i>), áracháí, portaí, bairne
		foghlama, faigheann, faighte, deachaigh, eangaigh, ar ndóigh, doghrainneach, árachaigh, portaigh, bairnigh

¹ Eisceacht: Déantar dúigh de *dubhaighe*, *gualaigh* de *gualaighe*, agus pái de *paighe*.

th	<i>buntéacs nualitriú</i>	sáthach, dlúthas, dúithche, athchur, tuithte, baistthe, nochttha, leathrom, scaithtí, bealthaigh (srl), sciorthach, geirthe, cumhartha, áithbhéalta, tharae
	<i>buntéacs nualitriú</i>	sách, dlús, dúiche, achar, tite, baiste, leatrom, scaití, bealaigh (srl), sciorrach, geire, cumhra, áibhéalta, arae
bh	<i>buntéacs nualitriú</i>	corpara, caorann, orra, buairín, dúracht, creannach, foinín, drillín, coimhigheach, dícéille, tóghe, taosca, sá
	<i>buntéacs nualitriú</i>	corpartha, caorthann, orthu, buairthín, dúthracht, creathnach, foithnín, drithlín, coimhthíoch, díth céille, tógtha, taosctha, sáith
mh	<i>buntéacs nualitriú</i>	dubhán, saobhchan (<i>suíochan</i>), gheobhfar, arbhú, marbhaigh (srl)
	<i>buntéacs nualitriú</i>	duán, saochan, gheofar, arú, maraigh (srl)
	<i>buntéacs nualitriú</i>	dubhairt, dubhachan, dubhslán, dubhliá, duilleabhar, siubhal, cubhar, contabhairt dúirt, dúchan, dúshlán, dúlia, duilliúr, siúl, cúr, contúirt
fh	<i>buntéacs nualitriú</i>	tiúr (srl), arúr, mionús, dórán, doní
	<i>buntéacs nualitriú</i>	tabhar (srl), arbhar, mionbhas, dobhrán, dubhní
	<i>buntéacs nualitriú</i>	áirmhighim, seachtmhain
mh	<i>buntéacs nualitriú</i>	áirim, seachtain
	<i>buntéacs nualitriú</i>	cumhang, coireamhaint, iondamhail, i gcomhnaí, talmhan, feilmheanach
	<i>buntéacs nualitriú</i>	cúng, coiriúint, iondúil, i gcónaí, talún, feiliúnach
fh	<i>buntéacs nualitriú</i>	cho, chó, Sola, ciúis, banlá (<i>bannlá</i>), ullúchan (<i>ollúchan, ollmhuchan</i>), slachtar
	<i>buntéacs nualitriú</i>	chomh, chomh, Solamh, ciumhais, banlámh, ullmhúchan, slachtmhar
	<i>buntéacs nualitriú</i>	éinfheacht (<i>aoinfheacht, aoineacht, aonfheacht</i>), cúilfhionn, coinfheascar, mairtfheoil, fhásc, fheacht, confairt, fhuireasbhaidh, iarái
sh	<i>buntéacs nualitriú</i>	éineacht, cúileann, coineascar, mairteoil, ásc, acht, conairt, uireasa, fhiarfaí
	<i>buntéacs nualitriú</i>	ní sheadh, nach shéard, nach sheo, ba shin, nach shin, ní sheo, ní sheadh, ní shin, gurb shiúd, ní shiúd, anshó, ineolta, dia umhlach (<i>diaumhlach, diaúmlach</i>)
ch	<i>buntéacs nualitriú</i>	ní hea, nach éard, nach eo, ba in, nach in, ní heo, ní hea, ní hin, gurb iúd, ní hiúd, anó, insheolta, Dia shúlach
	<i>buntéacs nualitriú</i>	sáróchadh, d'eireochadh, athróchaidh, faitchíos, coitciannta, nachar, nacharbh
eile	<i>buntéacs nualitriú</i>	sáródh, d'eireodh, athróidh, faitchíos, coitianta, nár, nár bh
	<i>buntéacs nualitriú</i>	iomchuir (<i>iomchair</i>) (srl), timcheall (<i>tímcheall</i>), congnamh, iongantas, iongantach, ordlach, ordlaíocht, céadtach, maltrait (<i>maltraid</i>), brantra, lúthgháire, aithdeal, braithlín (<i>bráithlín</i>), thob, cithréab (<i>ciothréib</i>), Stiophán
eile	<i>buntéacs nualitriú</i>	iompair (srl), timpeall, cúnaimh, iontas, iontach, orlach, orlaíocht, céatach, malrait, branra, lúcháire, aiteall, hob, círeíb, Stiofán, braillín

(b) Malairtí*samplaí*

d/t	<i>buntéacs</i>	agad, diallaid, conndae, prionnda, sonnda, aonda, canda, cotarsna,
	<i>nualitriú</i>	agat, diallait, contae, prionta, sonnta, aonta, canta, codarsna
dh/gh	<i>buntéacs</i>	daidhean, chuaidh, pradhas, daighce, oighre, oighridheacht
	<i>nualitriú</i>	daighean, chuaigh, praghas, daidhce, oidhre, oidhríocht
th/gh	<i>buntéacs</i>	sáith (srl), téith (srl), báith (srl), bruighshléacht, úgh, sáruiheach,
	<i>nualitriú</i>	sáigh (srl), téigh (srl), báigh (srl), bruithshléacht, úth, sáraitheach
ch/th	<i>buntéacs</i>	teicheadh (<i>téicheadh</i>), ceannachóir, feochan, bráth (<i>bráthach</i>),
	<i>nualitriú</i>	teitheadh, ceannaitheoir, feothan, brách,
c/g	<i>buntéacs</i>	tháinic, duibheacáin, foiricighthe, diacaí
	<i>nualitriú</i>	tháinig, duibheagáin, foirgthe, diagaí
b/p	<i>buntéacs</i>	scruball, stioróib
	<i>nualitriú</i>	scrupall, stíoróip
bh/mh	<i>buntéacs</i>	iabh, bháireach, deabhas, béalmhach, amhlóir, coimheas.
	<i>nualitriú</i>	iamh, mhárach, deamhas, béalbhach, abhlóir, cuibheas,
(consain)/f	<i>buntéacs</i>	dearbhtach, uathbhás, aithmhéala, gairbhshion, toghtha, dlighmhear,
	<i>nualitriú</i>	aireochthar (<i>aireochar</i>), cheannóchthá, cruithes (<i>croithe</i>) dearfach, uafás, aiféala, gairfean, tofa, dlifear, aireofar, cheannófá, cruife
n/nn	<i>buntéacs</i>	chonnaic, innte, cainnt, roint, cinteacht
	<i>nualitriú</i>	chonaic, inti, caint, roinnt, cinnteacht
nn/nd	<i>buntéacs</i>	indiu, indé, aindeoin, céadna
	<i>nualitriú</i>	inniu, inné, ainneoin, céanna
n(n)/ng	<i>buntéacs</i>	iongnadh, Cingcís, tarraint, fuilint, arainn
	<i>nualitriú</i>	ionadh, Cincís, tarraingt, fulaingt, araing
g/ng	<i>buntéacs</i>	giogach, siogán, sriogán, mugailt, comhgar
	<i>nualitriú</i>	giongach, seangán, sreangán, mungailt, cóngar
mm/m	<i>buntéacs</i>	réimmír (<i>réammír</i>)
	<i>nualitriú</i>	réimír
l/ll	<i>buntéacs</i>	soillse, foillsigh, drugal, bulán
	<i>nualitriú</i>	soilse, foilsigh, drogall, bullán
ll/dl	<i>buntéacs</i>	Nodlaig (<i>Nodlaic</i>), greallach
	<i>nualitriú</i>	Nollaig, greadlach
r/rr	<i>buntéacs</i>	síorraidhe, barra, orraibh, currach, carachán, arainn
	<i>nualitriú</i>	síoraí, bara, oraibh, curach, carrachán, arraing
cr/cn	<i>buntéacs</i>	criog (srl), crigín, criogaide, cnuimh, cneagaire
	<i>nualitriú</i>	cniog, cnigín, cniogaide, cruimh, creagaire
sb, sd, sg, gs sp, st, sc	<i>buntéacs</i>	easbog, sdriog, uisge, iasgach, tuigsint, sothuigsionach
	<i>nualitriú</i>	easpag, striog, uisce, iascach, tuiscint, sothuisceanach

(c) Foircinn Áirithe

		foirceann	samplaí	
ainm.	<i>buntéacs nualitriú</i>	-racht -reacht	táilliúracht, foghlaeracht, locadóireacht, siúinéaracht táilliúireacht, foghlaeireacht, loiceadóireacht, siúinéireacht	
	<i>buntéacs nualitriú</i>	-ghaile, aighle -aíola	dodaighle (<i>dodaola</i>), bacghaile (<i>bacola</i>), bradghaile dodaíola, bacaíola, bradaíola	
	<i>buntéacs nualitriú</i>	-aichín -achín	teaichín, malraichín, scuraichín, putaichín teachín, malrachín, scorachín, putachín	
	<i>buntéacs nualitriú</i>	-mh(e)adh -(i)ú	dómhadh, seachtmhadh, tríomhadh, deichmheadh, dóú, séú, tríú, deichiú	
(gin.)	<i>buntéacs nualitriú</i>	-adh, -(e)amh -aidh, -imh	caladh, deireadh (<i>deire</i>), magadh, sásamh, breitheamh calaidh, deiridh, magaidh, sásaimh, breithimh	
(iol.)	<i>buntéacs nualitriú</i>	-adha -í	gearrchaileadha, earradha, reitheadha ² gearrchailí, earraí, reithí	
(aid.)	<i>buntéacs nualitriú</i>	-dha ³ -gal/-tha/-aí	diadha, dorrda, seanórdha, danardha, iomdha diaga, dorrga, seanórtha, danartha, iomaí	
briat.	<i>buntéacs nualitriú</i>	-ighidh, -ighí -idh	fághaighidh, dóighidh, tugaighidh, tugaighí, déanaighí faighidh, dóidh, tugaidh, tugaidh, déanaidh	
	<i>buntéacs nualitriú</i>	-th(e)á -f(e)á, -t(e)á ⁴	bheitheá, rachthá, tugthá, beirtheá, teagtá, téightheá bheifeá, rachfá, tugtá, beirteá, teagtá, téiteá	
	<i>buntéacs nualitriú</i>	-thear -tear	feicthear, aithníthear (<i>aithnighear</i>), chíthear feictear, aithnítear, chítear	
	<i>buntéacs nualitriú</i>	-tha, -the; -ta -ta, -te; -tha/-fa	sladtha, séidthe, creidthe, curta, cromta, snámhta sladta, séidte, creidte, curtha, cromtha, snáfa	
	<i>buntéacs nualitriú</i>	-eál -eáil	feiceál, coinneál, tóigeál, cruinneál feiceáil, coinneáil, tógáil, cruinneáil	
	<i>buntéacs nualitriú</i>	-iú -eamh	éiliú, cúitiú, sású, cású éileamh, cúiteamh, sásamh, cásamh,	
	<i>buntéacs nualitriú</i>	-adh; -amh -amh; -adh	iomradh, tórradh, craitheamh, traoitheamh iomramh, tórramh, croitheadh, traoitheadh	
	<i>buntéacs nualitriú</i>	-ghadh, -thadh	brughadh, leaghadh, daingniughadh, sáthadh, báthadh brú, leá, daingniú, sá, bá	
	(gin.)	<i>buntéacs nualitriú</i>	-adha	múineadha, rúscadha, tórradha, clúdadh múineadh, rúscadh, tórraimh, clúdaigh

² Déantar dlíthe den dá shampla de *dligheadha* atá sa mbuntéacs agus is *faigh* a dhéantar de *fiadha* (fiach). *faigh* a dhéantar de *fiadha* (fiach) freisin nuair is ginideach é sa mbuntéacs.

³ Eisceacht: Ní leasaítear *diomdhach* an bhuntéacs de bharr míniú Uí Chadhain féin ar loighic a litrithe in iontráil an cheannfhocail *diomdha*. Fágtar gan leasú an t-ainmfhocail *diomdha* dá réir ach déantar *garraí* den ainmfhocail *garrdha*.

⁴ Ní dhéantar seo i mbriathra ar ionann a bhfréamh sa modh coinníollach agus san aimsir ghnáthchaite.

(d) Réimíreanna, Iarmhíreanna agus Comhfhocail

Is minic gurb é túschonsan an dara focal atá i gcomhfhocail sa mbuntéacs a chinneann caoile nó leithne consan deiridh a bhfuil roimhe. Leathnaítear nó caolaítear na consain deiridh sin san eagrán de réir mar a éilíonn gnás litrithe FGB sin, *m.sh.*:

<i>buntéacs</i>	doi-mheanmna, ion-bhainte, míónósach, díothláithriú, coimhlíonadh, aithghróigeadh, caondúthacht, balchríoch, cúilfhiacla, gírrfhiadh (<i>gírrfhiadha</i>), ollbhéasach
<i>nualitriú</i>	domheanmna, inbhainte, míónósach, díláithriú, comhlíonadh athghróigeadh, caoindúthacht, bailchríoch, giorria, oilbhéasach

Ina theannta sin, glantar as an eagrán an consan uraithe a bhíonn i gcomhfhocail go minic sa mbuntéacs, *m.sh.*:

<i>buntéacs</i>	iargcúlta, éagcóir, éadtrom, éidtreorach, ainfhios, coisfirt, oirfeart, domblas, adtuaidh, ambáireach (<i>i mbáireach</i>), anbhuith (<i>eánbhruith, eanradh</i>)
<i>nualitriú</i>	iargúlta, éagóir, éadrom, éidreorach, ainbhios, coisbhirt, oirbheart, domlas, aduaidh, amárach, anraith

Déantar *-se, -sean* de na hiarmhíreanna threise *-sa, -san* atá ar lorg chonsain chaoil sa mbuntéacs, *m.sh. aige-san,*

<i>buntéacs</i>	aige-san, do mhuc-sa
<i>nualitriú</i>	aigesean, do mhucse

(e) Caighdeánú

Tugtar chun caighdeáin na consain sna focail seo:

<i>buntéacs</i>	reacht, reamhar, reamhraigh (srl), cír, dair, chuir, amáireach (<i>imbáireach, i mbáireach, ambáireach</i>), mháireach (<i>bháireach</i>), deireoil, géireadas, éidtreoireach, comhairthidheacht, anuiridh, tuirric, girre, girrecht, fairrge (<i>fairrige</i>), cairrgín (<i>cairrigín</i>), scuirthe, gairbheadas, díbirteach, imirteas, crois (srl), aois, dluais (<i>gluais</i>), toiseach, toisigh (srl), coisin/coisnigh (srl), leisc, troisceadh, loisceadh, fáisceadh, scioch (srl), spriúille, stealla(<i>dh</i>), sinneán, táil (srl), ainsil, scail, siúil- (srl), diúil (srl), ceangail, landáilfeas, fuilinn (srl), gailmaisidheacht, poilítidheacht, maile, díthsheibhiú, cliú, lúbinn, feoithin, buaineadas, bruighineach, marainneach, éigin, dúin (srl), foghainfeadh, fiainise (<i>fiadhaise</i>), fréimh, aimhreas, daimhsigh (srl), daimhseoir, leathtaoibh, laibhreachadh, labhair- (srl), snáith, sraoith, aoithiú, luaithe, caitheachtáil, beitheach, speidhear (srl), staighean, dreabhlás, dreamhailte, fearsad, leithideach, spaidealach, leidhb, teasbáin (srl), tiúr- (<i>tiubhar-, tiubhr-</i>) (srl), till (srl), treasna, cniteáil (srl), sloig (<i>sluig</i>) (srl), seirg (srl), tóig (srl), boigleachán, cimleachán (<i>cimleachán</i>), boicileá (<i>bocailéath</i>), craibeadán (<i>craibodáinín</i>), boichteanaight, cneagaire, craipligh (srl), plionncadh, fólaime (<i>foghlaime</i>), fearasbarr (<i>fearas barr, fear agus barr, earr agus barr</i>), laetheanta(<i>i</i>),
<i>nualitriú</i>	racht, ramhar, ramhraigh (srl), cíor, dar, chur, amárach, mhárach, dearóil, géaradas, éidreorach, comharthaíocht, anuraidh, turraic, giorra, giorracht, farraige, carraigín, scortha, garbhadas, díbeartach, imeartas, cros (srl), aos, dlús, tosach, tosaigh (srl), cosain/cosnaigh (srl), leasc, troscadh, loscadh, fáscadh, scuch (srl), sprúille, stalla, soinneán, tál (srl), ainseal, scal, siúl- (srl), diúl (srl), ceangal, landálfas, fulaing (srl), galamaisíocht, polaitíocht, mala, díshealbhú, clú, lúbainn, feothain, buanadas, bruíonach,

	<p>marthanach, éigean, dún (srl), fónfadh, fianaise, fréamh, amhras, damhsaigh (srl), damhsóir, leataobh, labhródh, labhar- (srl), snáth, sraoth, aothú, luatha, cathachtáil, beathach, spadhar (srl), stadhan, drabhlas, dramhailte, fearsaid, leitheadach, spadalach, leadhb, taispeáin (srl), tabhar- (srl), toill (srl), trasna, cniotáil (srl), slog (srl), searg (srl), tóg (srl), boglachán, cuimleachán, bocaileá, bochtaineacht, crabadán, cnagaire, craplaigh (srl), plancadh, foghlama, farasbarr, laethanta(i)</p>
<i>buntéacs</i>	<p>suirc, shoin, scamhach, scamhanna, slabhc (srl), strachail (srl), trasarlach, mioscasach, bosóg, gluasachta, díogras, faosc (srl), maorsacht, gársúlacht, flaim (<i>flam</i>), tastaigh (srl), tuit (srl), tomsaigh (srl), tangaigh (srl), tara, tomsachán, tomsacht, tunónta, brugh (srl), fagh (<i>fágh</i>) (srl), leagh (srl), dreogh (srl), dógha, saghd (srl), saigheadóirí, fraghthacha (<i>fraghthacha</i>), seogaidh (<i>seogaí</i>), brath (srl), scóth (srl), suath (srl), bruth (srl), luath, sáth, scrath, cíoith, cíoithréab, tathaigh (srl), cáthadh, gnatha (<i>gnotha, gna</i>), scathamh, ceannachthóir, teasbáin (srl), lottha, fátall, fátalluidhe, rabh, scaptha, sal, rial, maol, cuthal, deireola, searbhálfaidh, diongmhála, balú, srúlaí, ascalla, smalcadh, síochán (<i>síothchán</i>), coimhriachtan, faoistean, díomhaontas, uileannacha, deor, aimsear, léar, flár (<i>fleárr, flearr, flearr</i>), tórúil, scard (<i>scárd</i>) (srl), ollghárdas, scartadh, losad, seod, abhairseoir, strócadh, caitliocach, ladhraicín (<i>ladhaircín</i>), gránaigh (srl), coisméagachaí, tiompail, feairrde, diuicín, giuicín, bloigimín</p>
<i>nualitriú</i>	<p>sioirc, shin, screamhach, screamhanna, sleabhc (srl), streachail (srl), traisearlach, mioscaiseach, boiseog, díograis, faisc (srl), gluaiseachta, maoirseacht, gáirsiúlacht. fleaim, teastaigh (srl), tit (srl), tiomsaigh (srl), teangaigh (srl), teara, tiomsachán, tiomsacht, tionónta, brúigh (srl), faigh (srl), leáigh (srl), dreoigh (srl), dóighe, saighid (srl), saighdeoirí, fraitheacha, seoigí, braith (srl), scoith (srl), suaith (srl), bruih (srl), luaith, sáith, scaith, cith, cithréib, taithigh (srl), cáitheadh, gnaithe, scaitheamh, ceannaitheoir, taispeáin (srl), loite, fáiteall, fáiteallaí, raibh, scaipthe, sail, riail, maoil, cúthail, dearóile, seirbheálfaidh, diongbháilte, bailiú, srúillí, ascaille, smailceadh, síocháin, comhriachtain, faoistin, díomhaointeas, uillinneacha, deoir, aimsir, léir, foláir, tóiriúil, scaird (srl), ollghairdeas, scairteadh, losaid, seoid, áibhirseoir, stróiceadh, caitliceach, laidhricín, gráinigh (srl), coisméigeachaí, timpill, fearrde, diocín, giocín, blogaimín</p>
<i>buntéacs</i>	<p>suaimneas (<i>suaímneas</i>), cuimnigh (<i>cuimnigh</i>), cuimne (<i>cuimne</i>), Seoigeach, freagartach, deallracán, nárb (<i>nacharb</i>), tart, sib, lib (<i>lib</i>), uaib, díb, díob, dóib, daoib, romhaib (<i>rómhaib</i>), fúib, tharaib, oraib, aghad, agham, aghainn, aghainne, Breathnais, miolghaire, ionnarbhadh, dísbheagadh, achmhuinneach, longchaird, taithin (srl), claochmhú, sluaisteáilthí, bheithí, shílfheá</p>
<i>nualitriú</i>	<p>suaimhneas, cuimhnigh, Seoigheach, freagarthach, dealrachán, nárbh, tharat, sibh, libh, uaib, díbh, díobh, dóibh, daoibh, romhaibh, fúibh, tharaibh, oraibh, agat, agam, againn, againne, Breatnais, miolghaire, ionnarbhadh, díspeagadh, acmhainneach, loncaird, taitin (srl), claochmú, sluaisteáiltí, bheifí, shílfeá</p>
<i>buntéacs</i>	<p>cairthigh (srl), tiormach, ceatharcha, madar uisce, madar alla, pirseog, tréartha, soighleas (<i>soilgheas</i>), tlig (srl)</p>
<i>nualitriú</i>	<p>caithrigh (srl), triomach, ceathracha, madra uisce, madra alla, pisreog, tréathra soilíos, teilg (srl)</p>
<i>buntéacs</i>	<p>duth, gubh, aoidheo, biadhú, tiugh, gul, gluais, shíos, shoir, shuas, cruaidhe</p>
<i>nualitriú</i>	<p>dubh, guth, aothú, biathú, tiubh, dul, dlús, thíos, thoir, thuas, cruaihe</p>

2. Gutáí

(a) Gutáí Gearra Aiceanta

		<i>samplaí</i>
<i>buntéacs nualitriú</i>	o, u a	domáiste, goirid, brotainn (<i>brothruinn</i>), doigh, cut, ugad, buineann, buil ⁵ damáiste, gairid, bratainn, daigh, cat, agat, baineann, bail
<i>buntéacs nualitriú</i>	u, a⁶ o	scurach, druim (<i>druím</i>), uilc, fastaigh (srl), craith (srl), foscadh, casán scorach, droim, oilc, fostaigh (srl), croith (srl), foscadh, cosán
<i>buntéacs nualitriú</i>	o, a u	loiseac, conórach, forú, treoch, bantáiste, claimhreach, mara luiseag, cunórach, furú, triuch, buntáiste, cluimhreach, mura
<i>buntéacs nualitriú</i>	ei, oi i; ei	leig (srl), teine, leitir, roighin, roilleadh, roilig (<i>roilic, roilic, reilic</i>) lig (srl), tine, litir, righin, rilleadh, reilig
<i>buntéacs nualitriú</i>	a; ea ea; a	asna, aspuicil (<i>ospuicil</i>), easarlaíocht easna, easpaicil, asarlaíocht
<i>buntéacs nualitriú</i>	io; ea ea; io	giodán, nioscóid, dionnóid, fiodán, lionnán, teampán, deangmháilte geadán, neascóid, deannóid, feadán, leannán, tiompán, diongmháilte

(b) Gutáí Fada agus Défhoghair

		<i>samplaí</i>
<i>buntéacs nualitriú</i>	á, ú ó	comártas, paráiste, cuntanás, núta, brún, srún, pionús comórtas, paróiste, cuntanós, nóta, brón, srón, pionós
<i>buntéacs nualitriú</i>	ó, ua ú	claochló(<i>dh</i>), fastó(<i>dh</i>), conuas, uainéara, tuatach (<i>túatach</i>), dúachan claochlú, fostú, conús, úinéara, tútach, dúchan
<i>buntéacs nualitriú</i>	ia, eá éa	Diardaoin, d'iagóir, iasc, biadán, miaróg (<i>miarthóg</i>), smiaróid, buideál Déardaoin, d'éagóir, éasc, béadán, méaróg, sméaróid, buidéal
<i>buntéacs nualitriú</i>	íó; ia ia; ío	síon, stríopach, tíoráil (<i>tíortháil</i>), spiadóir, spiadóireacht, iarna sian, striapach, tiaráil, spíodóir, spíodóireacht, íorna
<i>buntéacs nualitriú</i>	ae ao	taebh, aenaigh taobh, aonaigh
<i>buntéacs nualitriú</i>	aoi; aoi(dhe) ai, oi; aí, oí	aoirde, maoidhm, braoim, gnaoidhúil, claidhe, claoite, traoiáil (<i>traoáil</i>), draoidheadóir airde, maidhm, broim, gnaíúil, cloí, cloíte, traíáil, draíodóir

⁵ Eisceacht: Ní leasaítear an t-aidiacht *buil* sa bhfrása *buil le*. Ní leasaítear *foghairt* ach oiread agus déantar *foghairt* den litriú malartach a bhíonn air uaireanta *fabhairt*.

⁶ Eisceacht: Ní leasaítear an t-ainmfhocal *cara* (*carra*) agus é sa leagan *cara chainte*.

(c) Síneadh Fada

Glantar an síneadh fada a bhíonn ar *-úa-* agus *-eó-* sa mbuntéacs go minic, *m.sh. lúar, stúaim, leór, beó*. Déantar amhlaidh le guta fada a thagann roimh *-rd, -dr, -rl, -rn, -rr, -nn, -ns, -nt, -ll, -m,* agus i bhfocail eile nach mbeadh aon súil lena leithéid de réir nósmaireacht litrithe FGB, *m.sh.:*⁷

<i>buntéacs</i>	árd, mádraí, thárla, áirneán, feárr, ceánn, únsa, cúntar, dáll, ám, suím
<i>nualitriú</i>	ard, madraí, tharla, airneán, fearr, ceann, unsa, cuntar, dall, am, suim
<i>buntéacs</i>	rómham, cuibhiúil, fóghluim, bréitheamh, róthar, deá-, díogáil, íontach, íongantas, uirnis (<i>oirnis</i>), béidh, móite, fáirche, ágair (srl), meárú, místáid, diúc
<i>nualitriú</i>	romham, cuibhiúil, foghlaim, breitheamh, rothar, dea-, diogáil, iontach, iontas, oirnis, beidh, moite, fairche, agair (srl), mearú, místaid, dioc

Ina cheann sin, cuirtear síneadh fada ar fhocail mar iad seo a leanas a bhíonn dá uireasa go minic sa mbuntéacs, *m.sh.:*

á	<i>buntéacs</i>	trathnóna, thainig, gabhail (<i>gábhail</i>), ar, na, slainte, slam, arach, sabháil (srl)
	<i>nualitriú</i>	tráthnóna, tháinig, gabháil, ár, ná, sláinte, slám, árach, sábháil (srl)
ó	<i>buntéacs</i>	omós, noiméad, morán, conra, congar, boithrín, socamhail, go bhfoiridh, ro-
	<i>nualitriú</i>	ómós, nóiméad, mórán, cónra, cóngar, bóithrín, sócamhail, go bhfoiridh, ró-
ú ⁸	<i>buntéacs</i>	fiuntach, siuntaí, munlú, tnuthán, sugradh, sugán, duinn, ionnfairt, ionnasach
	<i>nualitriú</i>	fiúntach, siúntaí, múnlú, tnúthán, súgradh, sугán, dúinn, únfairt, ionnúsach
í	<i>buntéacs</i>	oiche, dicheall, bhithin, faitios, giúistis, priosún, riméad, dóighide, gioscán
	<i>nualitriú</i>	oíche, dícheall, bhíthin, faitíos, giúistís, priosún, ríméad, dóighíde, gíoscán
éi, ⁹	<i>buntéacs</i>	eirigh, teirigh, feithiú, cneamhaire, máistreas, dean, feacha, teanam, feasóig,
éa	<i>nualitriú</i>	éirigh, téirigh, féithiú, cneámhaire, máistreás, déan, féacha, téanam, féasóig

(d) Gutaí Neamhaiceanta

		<i>samplaí</i>
<i>buntéacs</i>	u, o	dorus, iompur, feamuinn, corruighe, bhreathnuigh, fothrom
<i>nualitriú</i>	a	doras, iompar, feamainn, corraí, bhreathnaigh, fothram
<i>buntéacs</i>	a	aca, asta, chuca, fútha
<i>nualitriú</i>	u	acu, astu, chucu, fúthu
<i>buntéacs</i>	e	inte, aiste, aice, uaithe
<i>nualitriú</i>	i	inti, aisti, aici, uaithi

⁷ Eisceacht: Is iondúil *á* sa bhfocal *ágóid* sa mbuntéacs nuair is sraoill fir nó mná is brí dó. Fágtar amhlaidh é san eagrán seo agus déantar *ágóid* de na cupla sampla de *agóid* an chéill sin atá sa mbuntéacs. Ina theannta sin, fágtar gan leasú *dóirne* agus é sa leagan *mo dhon is mo dhóirne*.

⁸ Eisceacht: Ní leasaítear *cupla* nuair is dhá ní, nó dornán nithe is brí dó, *m.sh cupla duine, cupla lá*.

⁹ Eisceacht: Ní leasaítear *icint, icínteacht*.

<i>buntéacs nualitriú</i>	io, ia ea	aicionta, tuisgiona, aithgiorra, uiliog, oibliogáid, coitiann
		aiceanta, tuisceana, aicearra, uileag, oibleagáid, coiteann
<i>buntéacs nualitriú</i>	í e, igh¹⁰	eilí (<i>eili</i>), cheanaí, cailltí, beaití, caití, daibhchí, chuaí
		eile, cheana, cailte, beaite, caite, daibhche, chuaigh

(e) Guta Cúnta

Is minic guta cúnta i bhfocal sa mbuntéacs san áit nach dual dó de réir ghnás litrithe FGB. Ruaigtear as an eagrán guta mar é, *m.sh.*:

<i>buntéacs nualitriú</i>	spadharadh, labhairigheann, docharach, bladarach, gadharamhail, eataruibh (<i>eatorraibh</i>), ladhairicín (<i>ladhaircín</i>), láidire, deifire, litire, máistirí, máistireás, bóthaireoireacht
<i>buntéacs nualitriú</i>	spadhradh, labhraíonn, dochrach, bladrach, gadhrúil, eadraibh, laidhricín, láidre, deifre, litre, máistirí, máistireás, bóithreoireacht
<i>buntéacs nualitriú</i>	creatalach, péarsalaí, gearabalach, amhalóir, traibhiléarach, caibiléirín, aimiléis
<i>buntéacs nualitriú</i>	creatlach, péarslaí, gearblach, amhlóir, traibhléireacht, caibléirín, aimléis
<i>buntéacs nualitriú</i>	binibeach, bairibíní, colapa, folamha, gairimin, Gaillimheach, faoisidin, foiricighthe, coilgneach, teannachair, liathachan, loma-lán, turgabhail, righineadas (<i>roighineadas</i>)
<i>buntéacs nualitriú</i>	binibeach, bairibíní, colpa, folmha, garmain, Gaillimheach, faoistin, foirgthe, coilgneach, teannachair, liathchan, lomlán, turgabhail, righneadas

Ina theannta sin, leasaítear riar focal sa mbuntéacs atá gann guta, *m.sh.*:

<i>buntéacs nualitriú</i>	dréimre (<i>dréimride</i>), tirm, tharm, fairrge, scaimhléara, scaibhtéara, labhrach, comhraíocht, ruathrúch (<i>ruaruach</i>), sciotraighil, macsamhail, sládrúsach, earball
<i>buntéacs nualitriú</i>	dréimire, tirim, tharam, farraige, scamhailéara, scabhaitéara, labharthach, comharthíocht, ruatharúch sciotaráil, macasamhail, sladarúsach, eireaball

(f) Eile

Leasaítear guta sna focail seo a leanas:

<i>buntéacs nualitriú</i>	forlach, comhlódar, rúine (<i>róine</i>), giúnaighil, cnoth (<i>cnath</i>), dhú nae trí, conscluighthe, rae, muineál, miniar (<i>mioniar</i>), miainis (<i>miainis</i>), braos, braoisín, doréara (<i>doraera</i>), doraerach, daeghachaí (<i>daethachaí</i>), faidhtín, padhar, adhar, aghaidh, saimhín oidhreach, ballodhair, tiacht (<i>tiacht, toidheacht, tidheacht</i>), réatíallach (<i>ruittiallach, roitíallach, roithdiallach</i>), séilín, eairí, dheidh, ionn, b'fhearrdiú
<i>buntéacs nualitriú</i>	fuarlach, comhluadar, ruainne, geonail, cnó, dhó nó trí, cúnsclaí, ré, muineál, méanar, mínis, bruíos, bruisín, doriartha, doriarach, daitheachaí, faoitín, paer, oighear, oidhe, saimhín aireach, baileabhair, teacht, roidéalach, seilín, airí, dhiaidh, ann, b'fhearrde

¹⁰ Eisceacht: Ní leasaítear *filí, daoiní ná fianaisí*.

3. Focail Áirithe

(a) Iasachtaí

Cuirtear faoi chló iodálach iasachtaí an bhuntéacs san eagrán seo, bíodh siad faoi athrú tosaigh (*m.sh. helections, seanbhicycle, tset, gcoffee*), nó i gcumasc focail nó foircinn Ghaeilge (*m.sh. taepot, freeáilte, i dtentannaí, windeáileadh*). Fághtar gan cló iodálach iasachtaí ar ainmneacha dílse iad (*m.sh. German, Sweet Afton*), agus glantar na huaschamóga a bhíonn ar iasachtaí traslitríthe an bhuntéacs uaireanta. Is iad na gnáthathruithe litríthe a léiríodh thuas a chuirtear ar iasachtaí traslitríthe an bhuntéacs a leasaítear, cé is moite de na hiasachtaí seo a leanas a gcuirtear (i) litriú a dteanga dúchais orthu in athuair ar mhaithe le soiléireacht, agus (ii) a gcuirtear athrú litríthe breise orthu:

(i)	buntéacs nualitriú	pradhas, hálldúre, gabhairmint (<i>gobhairmint</i>), phléasáil (plase = please), seamrac, fáls (<i>fálse</i>), bambála, nútice, ¹¹ sa ngeáird (<i>i ngárd</i>), álmanaic, concrète, caractér, lucpine, bhorm, cineail, convaidhlsiuns, cancar (<i>canncar, chancair</i>), rubar, Laddie ó Lee (<i>Laddie o’Lee, Laddie O’Lee, Laddy O’Lee</i>)
		<i>prizel, hall door, government, phlaseáil (please), false, bombála, notice, sa yard, almanac, concrete, character, luck penny, worm, canal, convulsions, cancer, rubber, Laddy O’Lee</i>
	buntéacs nualitriú	taypot, wireen (<i>wirín</i>), demur, eilifeaint, duana, routáil (<i>rabhtáil</i>), routálaidhe, rabht, jackéid (<i>saicéad</i>), stickéara, signeáil, seanlorraíochaí, didillo, troller (<i>tróllar</i>), gath scití (<i>gath seiti</i>)
		<i>taepot, wireín, diumar, eilifint, diúain, rabhaiteáil, rabhaiteálaí, rabhait, seaicéad, sticéara, saighneáil, seanleoraíochaí, didiló, trólar, gaiseití</i>
(ii)	buntéacs nualitriú	beainc, beaiceáil, pearasól, peáirtí, pearúl, meáirseáil, simint, seairsint (<i>seáirsint</i>), blaisteannaí, blasteáil, cantín, pleain, gramafóin, traen, ámén (<i>amén</i>), ospuidéal (<i>oispidéal, óispidéal</i>), bearraic (<i>bearaic</i>), bligeárteacht, caibhnsiléara, siúcra, coilicum (<i>coilicum</i>), proctéara, raidió, meangal (<i>meangiol, meangail, meaingeil, meaingil, meangal, maingiol, maingil, mangal, mangol</i>)
		bainc, baiceáil, parasól, páirtí, parúl, máirseáil, suimint, sáirsint, bleaisteannaí, bleaisteáil, ceaintín, plean, gramafón, traein, áiméan, ospidéal, beairic, bligeardacht, cabhnsailéara, siúcra, coiliceam, proictéara, radíó, meaingéal

(b) Logainmneacha

Cuirtear na gnáthathruithe litríthe a léiríodh thuas i bhfeidhm ar logainmneacha an bhuntéacs. San áit nach n-aontaíonn logainm atá sa mbuntéacs lena chéile ar *logainm.ie*, leasaítear é, *m.sh.*¹²

buntéacs	Sáile Úana, Cearnmór (<i>Carnmór</i>), Inis Saor, Baile Uí Bhriota
nualitriú	Sáile Chuanna, An Carn Mór, Inis Oírr, Baile an Bhriotaigh

¹¹ Ní leasaítear *nútice* más amhlaidh go bhfuil ‘(notice)’ ar a lorg sa mbuntéacs. Is ionann a chaitear le *i ngárd*, *lucpine*, agus *convaidhlsiuns* agus nóta mínithe ina dteannta.

¹² Eisceacht: Ní leasaítear na logainmneacha *Bleá Cliath* ná *Achréidh*.

Ina cheann sin, leasaítear na logainmneacha iasachta seo a leanas:

<i>buntéacs</i>	Ástraoille (<i>Astraoile</i>), Meiriocá (<i>Meriocá, Ameriocá</i>), Califóirne
<i>nualitriú</i>	Austrailia, Meiriceá, California

(c) Ainmfhocal Dílis

Ní chuirtear aon athrú ar shloinnte an bhuntéacs ach amháin sna cásanna seo a leanas:

<i>buntéacs</i>	Debhelara (<i>Debhalera, Develera, Devalera, Debheléra</i>), Rafteri (<i>Raftaraí</i>), Na Calláin, Fíne
<i>nualitriú</i>	de Valera, Raiftearaí, Na Callanáin, Fínneadh

Is iad na gnáthleasuithe litrithe a dhéantar ar ainmneacha pearsanta ach amháin go bhfágtar *Michil, Míchil* gan leasú. Ina cheann sin, cloítear le haon leagan amháin de na hainmneacha *Murchadh* agus *Haraístatail* san eagrán thar cheann *Mrucha, Murrchadha, Murchadha* agus *Haraístatail, Hairisteatil, hAristoitil* an bhuntéacs.

(d) Téarmaíocht, Frásaí agus Focail áirithe

Cuirtear an leagan a mbeadh súil leis in FGB ar na téarmaí gramadaí, na frásaí agus na focail seo a leanas:

<i>buntéacs</i>	aimsir gnáth caite, aimsir láithrigh, fáistíneach, inscin, geineamhnach (<i>giniúnach</i>), aidiachta, aidiacht-bhriathar, aidiacht bhriathra (<i>aidiacht bhriathara</i>), ainm bhriathar (<i>ainm briathar</i>), bréithir
<i>nualitriú</i>	aimsir ghnáthchaite, aimsir láithreach, fáistíneach, inscne, ginideach, aidiachtaí, aidiacht bhriathartha, aidiachtaí briathartha, ainm briathartha, briathair
<i>buntéacs</i>	gort an gharta (<i>gort a gharta</i>), cur-faoi-ionga, indon (<i>in dan, in don, i ndon</i>), thar agus sin, seach agus sin, i dtréim, tonn fhriuchóig (<i>tonn fhriochóig, tonn fhrochóg</i>)
<i>nualitriú</i>	gorta garta, gor faoi ionga, in ann, thairis sin, seachas sin, ag dréim, tonn phrochóig
<i>buntéacs</i>	dearbhráthair, únlaoighis (<i>ionlaoighis</i>), diaidh-thrá, troigheadán, colbh, cuaisce, droch-bhreathnúíoch (<i>droch-bhreathnuightheach, droch-bhreathnuigheach</i>), tiubhr- (srl), do, ins an (<i>insan, issan, is an, 'san, 'sa</i>), ins na (<i>isna, 'sna</i>), is (is gach, is chuile, is chaon),
<i>nualitriú</i>	deartháir, ionlaos, díthrá, treaghdán, colbha, cuairsce, drochbhreathnaitheach, tabharf- (srl), de, ¹³ sa/san, sna, i (i ngach, i chuile, i chaon),

Is iondúil gur *crígh* is litriú do *críoch, crích* sa mbuntéacs nuair is ceantar nó ionad faoi leith is brí leis ach feictear dornán sampla de *crích* mar litriú air freisin. Ar mhaithe le rialtacht litrithe an eagráin, déantar *crígh* de na samplaí sin. Ina cheann sin, déantar *féint* de *feaint, fea'int, feai'nt*,

¹³ Ní leasaítear *do* an bhuntéacs más amhlaidh go bhfuil *de* ar a lorg idir lúbíní.

fé'int an bhuntéacs; *frítheadh* agus *báitheadh* de na saorbhriathra *fríodh*, *frítheadh*, *fríothadh* agus *báthadh*; -*nns* den fhoirceann coibhneasta *-(nn)s*; agus déantar *iarthar*, *oirthuaisceart*, *múnalach* d'fhoirmeacha tabharthaigh an bhuntéacs *iarthair*, *oirthuaiscirt*, *múnlaigh*.

Déantar *is* san eagrán de *agus* (*a's*, *'s*) an bhuntéacs i gcásanna mar iad seo a leanas:

<i>buntéacs</i>	lá agus, i riocht agus, go fiú agus, dheamhan agus, i ndán agus, timpeall agus, feadh agus
<i>nualitriú</i>	lá is, i riocht is, go fiú is, dheamhan is, i ndán is, timpeall is, feadh is
<i>buntéacs</i>	bocht agus nocht, fear agus bean, saol agus aimsir, Domhnach agus dálach
<i>nualitriú</i>	bocht is nocht, fear is bean, saol is aimsir, Domhnach is dálach

4. Athraithe Eile

(a) Foirmeacha agus Míreanna Briathartha

Is é *-(e)amuid* foirceann an Iú pearsa iolra aimsir fháistineach agus modh foshuiteach sa mbuntéacs uaireanta. Leasaítear an foirceann san eagrán agus déantar foirm scartha dhe, *m.sh.*:

<i>buntéacs</i>	rachamuid, fágfamuid (<i>fágfamaid</i> , <i>fágamuid</i>), ólamuid, tosóchamuid, go gcuireamuid, go bhfeiceamuid
<i>nualitriú</i>	rachaidh muid, fágfaidh muid, ólfaidh muid, tosóidh muid, go gcuire muid, go bhfeice muid

Cuirtear na hathruithe seo a leanas ar an dornán sampla atá sa téacs de bhriathar dar críoch *-(e)amuid* sa modh ordaitheach Iú pearsa iolra:

<i>buntéacs</i>	Eirigheamuid as, Teigheamuid síos, Imthigheamuid sula dteaga sé, Caitheamuid (<i>caitheam</i>) urchar, fuagraigheamuid (<i>fuagraimuid</i>), diúltaigheamuid, diúltaigheamuide
<i>nualitriú</i>	Éirimid as, Téimid síos, Téimid ar foscadh, Imímid sula dteaga sé, Caithimid urchar, fuagraímid, diúltaímid, diúltaí muide

Glantar as an eagrán an mhír bhriathartha a breactar ar lorg an chónaisc ó sa mbuntéacs go minic, agus breactar an mhír san eagrán san áit nach ann di sa mbuntéacs ar lorg *mar*, *éard* agus *agus*, *m.sh.*:

<i>buntéacs</i>	mar mbeidh, mar chloisim, céard tá, céard d'ith, séard déarfainnse, 'fhad's gheobhainn
<i>nualitriú</i>	mar a mbeidh, mar a chloisim, céard atá, céard a d'ith, séard a déarfainnse, fhad is a gheobhainn

Déantar *an* de mhír ceisteach sa mbuntéacs atá gan *n*, (*m.sh. meas tú a bhfaighidh*), agus tugtar chun rialtacht litriú na míre briathartha i leagain den déanamh *diabhal a raibh*,

dheamhan a gceapfainn. Is iondúil gur *a* is litriú don mhír i leagain mar iad sa mbuntéacs ach tá riarramhaí de *an* ann chomh maith. *a* a dhéantar díobh ar fad san eagrán.

Glantar as an eagrán an *h* a leanann *nach*, foirm cheisteach dhiúltach na copaire, sa mbuntéacs uaireanta, *m.sh.*:

<i>buntéacs</i>	nach hé, nach hí, nach h-iaid, nach h-eadh, nach h-olc, nach h-ait, nach h-eolas
<i>nualitriú</i>	nach é, nach í, nach iad, nach ea, nach olc, nach ait, nach eolas

(b) Ceilt Uaschamóige

Is minic litir, litreacha nó mionfhocal faoi cheilt ag uaschamóg sa mbuntéacs san áit nach dual a gceilt de réir ghnás litrithe FGB. Scaoiltear na huaschamóga san eagrán de ghnáth agus breactar a bhfuil faoi cheilt acu, *m.sh.*:

<i>buntéacs</i>	níl 'fhios, 'un, 'bhfuil, 'gcuire, tabhr'om (<i>tabh'r 'om, torm</i>), flár
<i>nualitriú</i>	níl a fhios, chun, an bhfuil, go gcuire, tabhair dhom, foláir

Ní scaoiltear an uaschamóg san eagrán sna focail seo síos. Glantar as an téacs ar fad é (i), nó sin fágtar ann é (ii):

(i)	<i>buntéacs</i>	cé'n, ó'n, do'n, de'n, faoi'n, má's, cá'r, cá'id, cé'rb, 'seadh, 'séard, ó's, 'siúd, dhá'r, 'nuair, 'cheal, 'chuile, 'chaon, 'deile (<i>d'eile, d'eile</i>), 'tuige, a' (= de/do), 'e (=de), a' (<i>u'</i>) (=ár/bhur), 'mo choinsias'léar, 'fhad is, 'scáth, 'tharla, 'fhoisceacht, 'bhliain, ó 'chéile, 'deimhin, 'ar ndóigh (<i>'ar ndú'</i>), feil' (<i>féil'</i>), láidir', deifir', díbirt', muis'
	<i>nualitriú</i>	cén, ón, don, den, faoin, más, cár, cáid, cérb, sea, séard, ós, siúd, dhár, nuair, cheal, chuile, chaon, deile, tuige, a, a, a, mo choinsias, léar, fhad is, scáth, tharla, fhoisceacht, bhliain, ó chéile, deimhin, ar ndóigh, féil, láidir, deifir, díbirt, muis
(ii) 14	<i>buntéacs</i>	'sí, 'sé, 'siad, 'sibh, 'na (=chun an), se'againne, se'agaibh, se'aca, 'sbáin (srl), cá'il
	<i>nualitriú</i>	'sí, 'sé, 'siad, 'sibh, 'na, s'againn(e), s'agaibh, s'acu, 'speáin (srl), cá'il

Ceiltear litir, litreacha nó mionfhocal sa mbuntéacs uaireanta gan uaschamóg ar bith. Breactar san eagrán a gceiltear go ciúin sa mbuntéacs i gcásanna den sórt seo a leanas:

<i>buntéacs</i>	níl fhios, gan fháil, len aghaidh, ná tá, furasta aithinte (<i>furast aithinte</i>), furasta aithne (<i>furast aithne</i>) cés, na céibhe, pér bith (<i>pér'bí</i>), leath chirt, do dhiaidh, ar mhaith, gna
<i>nualitriú</i>	níl a fhios, gan a fháil, lena aghaidh, ná atá, furasta a aithinte, furasta a aithne, cé is, chun na céibhe, pé ar bith, leath an chirt, i do dhiaidh, ar mhaithe, gnaithe

¹⁴ Cuirtear an uaschamóg leis na focail seo san eagrán san áit nach ann dó sa mbuntéacs.

(c) Scaradh na bhFocal

Scartar focal sa mbuntéacs, nó cuirtear ina chéile focail, de réir mar a éilíonn gnás litrithe FGB sin, *m.sh.*:

<i>buntéacs</i>	taréis (<i>tharéis</i>), aonduine, londubh, i nganfhiós, dícéille, catmara, toildeona, bráigill
<i>nualitriú</i>	tar éis, aon duine, lon dubh, i ngan fhios, díth céille, cat mara, toil deona, brá gill
<i>buntéacs</i>	len (len ithe), lem', len a, in a, faoin a, ón a, go dtína, agán a (<i>ag án a</i>), ag a'n a,
<i>nualitriú</i>	le n- (le n-ith), le m', lena, ina, faoina, óna, go dtí n-a, agá n-a, aga n-a
<i>buntéacs</i>	meastú, atámuid, d'fhágamuid, ad'eirigh, mara, mar a, sul a (<i>sul dha, sul dhá, sul 'á</i>), an uair, níor bhfiú
<i>nualitriú</i>	meas tú, atá muid, d'fhága muid, a d'eirigh, mar a, mura, sula, nuair, níorbh fhiú

(d) Poncaíocht

Uaschamóga singil a chuirtear i dtimpeall chaint dhíreach atá i sampla san eagrán, bíodh siad amhlaidh sa mbuntéacs nó ná bíodh, agus is uaschamógaí dúbailte a chuirtear i dtimpeall shliocht as téacs. Glantar nó cuirtear camógaí san eagrán de réir mar is gá sin chun brí an téacs a thabhairt chun glinne. Ní chuirtear aon chomhartha ceiste ná uailbhreasa san eagrán murar ann dó sa mbuntéacs ach glantar a leithéid as an eagrán san áit nach bhfeileann. Leantar san eagrán an córas a leagtar amach i n*Graiméar Gaeilge na mBráithre Críostaí* i dtaobh úsáid an fhleiscín (§49) agus na gceannlitreacha (§45) agus leasaítear an buntéacs dá réir.

Déantar dais (–) san eagrán de = a chuireann míniú ar shampla úsáide i láthair sa mbuntéacs, agus déantar idirstad de = atá i sainmhíniú aonad céille nó rannóige. Ina theannta sin, glantar na lúibíní cearnacha a cuireadh i dtimpeall litir, litreacha nó focal sa leagan ceilte den téacs.

(e) Modh Tagartha

Is é an 3ú pearsa uatha, modh ordaitheach den bhriathar a thugtar mar cheannfhocal briathair san eagrán, bíodh sin amhlaidh sa mbuntéacs nó ná bíodh. Ina cheann sin, is í foirm an ainmnigh uatha d'ainmfhocal a thugtar mar cheannfhocal san áit a mbíonn foirm uatha nach é mar cheannfhocal sa mbuntéacs. Leasaítear aon chrostagairt inmhéanach a dhéantar chuig ceannfhocail mar iad dá réir.

Cuirtear teideal foinse a ndéantar tagairt dhe faoi chló iodálach agus cuirtear na hathruithe seo a leanas ar ghiorrúcháin an bhuntéacs:

<i>buntéacs</i>	cf., feic, féach	lc., l.	etc., agus rl., agus eile	e.g.	ie (<i>i.e., i.e</i>)	&
<i>nualitriú</i>	fc.	lch	srl.	m.sh.	.i.	and